# Comórtas na gCeantar Slachtmhar 2024

## Foirm Iarratais agus Treoirlínte



**Teachtaireacht ón Stiúrthóir Cúrsaí Bonneagair agus Athraithe Aeráide**

Is deis é Comórtas na gCeantar Slachtmhar do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin luach saothair a thabhairt don iliomad cumann cónaitheoirí agus grúpaí bailte slachtmhara a oibríonn go crua sa chontae. Tá moladh ag dul do na hoibreacha deonacha a thugann suas a gcuid ama le pobal níos fearr a chothú.

Déantar gach iarracht i gComórtas na gCeantar Slachtmhar bród a chothú ó thaobh na cuma atá ar áit na caoi a n-airíonn daoine faoin bpobal acu. Glacann na grúpaí seo leis an bhfreagracht as a gcomhshaol áitiúil féin, agus leis na hiarrachtaí seo, déantar pobail níos fearr agus níos uileghabhálaí a thógáil, ní amháin dóibh siúd a chónaíonn ann, ach do thurasóirí agus do chuairteoirí ar an gcontae chomh maith.

Tá forbairt tagtha ar Chomórtas na gCeantar Slachtmhar le blianta anuas agus dírítear anois, ní hamháin ar an ngné amhairc den cheantar slachtmhar, ach ar théamaí amhail gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, nuálaíocht, agus oideachas agus feasacht.

Is bealach iontach é Comórtas na gCeantar Slachtmhar chun aitheantas a thabhairt do na feabhsuithe inláimhsithe fadtéarmacha ó thaobh timpeallachta de a dhéantar in eastáit chónaithe, i mbailte agus i sráidbhailte ár gcontae. Táimidne i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag leanúint orainn ag tacú lenár bpobail trí cheardlanna, ábhair ghlantacháin agus maoiniú a chur ar fáil trí Dheontas dlr um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Mholfainn don oiread grúpa nua agus is féidir cur isteach ar an gcomórtas i mbliana. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis na daoine go léir a ghlac páirt sa chomórtas thar na blianta, daoine a chuireann go mór leis na pobail acu agus a dhéanann a gcion féin lenár gcontae a choinneáil glan agus bríomhar.

**Paul Kennedy,**
**Stiúrthóir Seirbhísí**
**An Rannóg Bonneagair agus Athraithe Aeráide**

## Téarmaí agus Coinníollacha

- Cuirtear fáilte roimh iarratais ó eastáit tithíochta, sráideanna cónaithe, agus bailte nó sráidbhailte.
- Ní mór do gach iontrálaí **léarscáil** a chur isteach a léiríonn go soiléir an limistéar a bhfuil moltóireacht le déanamh air. Aibhsigh na bóithre agus na spásanna oscailte, chomh maith le haon ghnéithe speisialta.
- Féadann iontrálaithe doiciméid tacaíochta a chur san áireamh lena n-iarratas agus/nó soiléiriú a thabhairt ar dhúshláin shonracha a bhí rompu sa 12 mhí anuas (m.sh. grianghraif roimh ré agus ina dhiaidh).
- Déanfar an mholtóireacht go déanach i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2024 agus is i bhfoirm cuairt gan fógra ó mholtóirí an chomórtais a dhéanfar é.
- Ní dhéanfar an mholtóireacht le linn aon imeachta áitiúil atá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an mholtóra. Ní thabharfar faoi aon chomhfhreagras i leith na dtorthaí.
- Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh 5 i.n., **Dé hAoine, an 28 Meitheamh 2024.** Ní chuirfear san áireamh ach iarratais chomhlánaithe a fhaigheann an Chomhairle.
- Fógrófar na torthaí i mí Dheireadh Fómhair 2024.

## Conas cur isteach ar an gcomórtas

Tá sé de rogha ag iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar líne trí thairseach dlr nó foirm iarratais a íoslódáil ó láithreán gréasáin dlr: https://www.dlrcoco.ie/environment-awareness-education/tidy-districts#gaeilge

Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais faoi **5 i.n., Dé hAoine, an 28 Meitheamh 2024** ar cheann de na bealaí seo a leanas:

1. Ar líne trí thairseach dlr https://submit.link/2Db
2. Tríd an ríomhphost chuig tidydistricts@dlrcoco.ie nó
3. Tríd an bpost chuig: An Rannóg Feasachta Comhshaoil, An Rannóg Bonneagair agus Athraithe Aeráide, Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9.

Gheobhaidh gach iontrálaí admháil go bhfuarthas a iontráil. Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil linn ar 01-2054700 nó tríd an ríomhphost ag tidydistricts@dlrcoco.ie.

## Gradaim Chatagóire 2024

- An tEastát Tithíochta / Foirgneamh Árasán is Fearr (5–100 áitreabh)
- An tEastát Tithíochta / Foirgneamh Árasán is Fearr (101–200 áitreabh)
- An tEastát Tithíochta / Foirgneamh Árasán is Fearr (201–350 áitreabh)
- An tEastát Tithíochta / Foirgneamh Árasán is Fearr (351 áitreabh agus níos mó)
- An Limistéar Bainistithe Eastáit is Fearr (5-250 áitreabh)
- An Limistéar Bainistithe Eastáit is Fearr (251 áitreabh agus níos mó)
- An Baile/Sráidbhaile is Fearr (daonra 0-3000 duine)
- An Baile/Sráidbhaile is Fearr (daonra 3001 duine agus níos mó)
- An Ceantar/na Ceantair is mó Feabhas
- An Iontráil Nua is Fearr
- Buaiteoir Foriomlán na gCeantar Slachtmhar

**Gradaim Roghnacha**

- An Gradam um Dhramhaíl a Chosc
- Gradam na Scoileanna Glasa
- Gradam na Nuálaíochta

<table>
<tr><th colspan="4">Foirm Iarratais ar Chomhórtas<br>na gCeantar Slachtmhar, 2024</th></tr>
<tr><td>Ainm an ghrúpa:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cineál an ghrúpa:<br>(Cumann Cónaitheoirí, Grúpa Bainistíochta Eastáit, Grúpa Bailte Slachtmhara, Grúpa Ceantar Slachtmhar)</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Seoladh ríomhphoist an ghrúpa:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Láithreán gréasáin agus/nó seoladh meán sóisialta an ghrúpa: (más cuí)</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Seoladh agus cur síos ar an limistéar a bhfuil moltóireacht le déanamh air:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>An bhfuil léarscáil curtha san áireamh agat?<br>(ní mór do gach iontrálaí léarscáil den limistéar a bhfuil moltóireacht le déanamh air a chur san áireamh)</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>An bhliain dheireanach a ndearnadh iontráil:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Catagóir na hiontrála:<br>(Cuir tic le ceann amháin. Mura bhfuil tú cinnte, seiceáil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh: www.cso.ie)</td><td colspan="2">Eastát Tithíochta/Sráid Chónaithe (Cuir isteach garlíon na dteaghlach)</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Baile/Sráidbhaile Uirbeach<br>(Cuir an daonra measta isteach)</td><td></td></tr>
<tr><td>Ainm an teagmhálaí:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Uimhir fóin an teagmhálaí:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Seoladh ríomhphoist an teagmhálaí:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Seoladh poist an teagmhálaí:</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td colspan="3" rowspan="2">An bhfuil fonn ort do sheoladh ríomhphoist a chur le liosta seoltaí na Rannóige Feasachta Comhshaoil?</td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>Níl</td></tr>
<tr><td colspan="4">Tá na coinníollacha iontrála léite agam/againn, aontaím/aontaímid a bheith faoi cheangal na rialacha, agus tá údarú iomlán an ghrúpa agam/againn chun an t-iarratas seo a chur isteach thar a cheann.</td></tr>
<tr><td>Síniú:<br>(go digiteach nó i scríbhinn)</td><td></td><td>Dáta:</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="4">*Ní mór foirmeacha iontrála comhlánaithe a bheith údaraithe ag an gCathaoirleach nó ag Rúnaí an Chumainn Cónaitheoirí/an Ghrúpa Pobail.</td></tr>
</table>

| **Foirgnimh agus Sráid-Dreacha** | **(20 marc)** |
|---|---|
| Bronnfar 15 mharc as cur i láthair agus cothabháil gach maoine agus cothabháil ar éadanais, ballaí teorann agus ballaí deiridh binn. Ba cheart do ghairdíní, nuair is iomchuí, a bheith curtha i láthair ar dhea-chaighdeán. Tugaigí sonraí faoi chothabháil, gortghlanadh, glantachán cosán agus scuabadh, srl. Sonraígí cé acu an í an Chomhairle, conraitheoir nó na cónaitheoirí atá páirteach i ngach ceann de na gníomhaíochtaí.<br><br>Bronnfar 5 mharc as gníomhaíochtaí pobail a rinneadh chun sráid-dreach fisiceach, pábháil, soilsiú, comharthaíocht nó inrochtaineacht áitiúil do chách a fheabhsú. | |
| | |

| **Tírdhreachú agus Spásanna Glasa** | **(10 marc)** |
|---|---|
| Tugaigí sonraí faoi ghnéithe suntasacha plandáilte. Sonraígí cé acu an í an Chomhairle, conraitheoir nó na cónaitheoirí atá páirteach i ngach ceann de na gníomhaíochtaí. | |
| | |

| **Gnáthóga Nádúrtha agus Bithéagsúlacht** | **(10 marc)** |
|---|---|
| Déanaigí achoimre ar an gcaoi a ndéanann sibh an comhshaol nádúrtha a fheabhsú trí phlandaí a chur agus cothabháil a dhéanamh. An ardaíonn sibh feasacht chun tacú le bithéagsúlacht nó an ndéanann sibh speicis dhúchasacha a phlandáil (crainn, toir, bláthanna fiáine) chun fiadhúlra áitiúil a mhealladh agus chun tacú le pailneoirí agus gnáthóga? An bhfuil deireadh curtha agaibh le húsáid lotnaidicídí agus luibhicídí? | |
| | |

| **Bainistíocht Bruscair** | **(20 marc)** |
|---|---|
| Bronnfar 10 marc as cuma na háite agus 10 marc eile as gníomhaíochtaí feasachta agus straitéisí rialaithe bruscair.<br><br>Beidh an mholtóireacht dírithe ar an áit a bheith saor ó bhruscar, ó fhógráin, agus ó dhumpáil, chomh maith le fianaise ar straitéis rialaithe bruscair, patróil rialta bruscair, glantacháin ag an bpobal agus feasacht frithbhruscair a chur chun cinn ar fud an phobail. | |
| | |

| **Bainistiú Graifítí** (15 mharc) |
| --- |
| Tá 10 marc ar fáil as beartais agus nósanna imeachta d'fhonn graifítí a bhainistiú. Tá 5 mharc ar fáil as an gcuma i rith na moltóireachta. Bronnfar marcanna as an áit a bheith saor ó ghraifítí, fianaise ar straitéis rialaithe graifítí, lena n-áirítear patróil rialta agus feasacht frithghraifítí a chur chun cinn ar fud an phobail. |
| |

**Rannpháirtíocht an Phobail** **(10 marc)**

Tá 10 marc ar fáil as rannpháirtíocht an phobail sna gníomhaíochtaí comhshaoil atá liostaithe thíos. Léirígí cé chomh tiomanta is a bhíonn an pobal d'obair dheonach (an mbíonn muintir an phobail páirteach i nglantacháin, i laethanta curtha plandaí, i gcruinnithe; an meallann siad cónaitheoirí nua le bheith páirteach?, srl.)

An mbíonn daoine de gach aois páirteach? m.sh. scoileanna, Seideanna na bhFear agus na mBan, Brídíní, Gasóga, srl.

| Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht (10 marc) |
| --- |
| Tá 5 mharc ar fáil as gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a laghdaíonn tionchar do ghrúpa ar an gcomhshaol. An gcuireann sibh cleachtais inbhuanaithe chun cinn amhail athchúrsáil, múiríniú, caomhnú uisce nó plaistigh aonúsáide agus dramhaíl a laghdú? An bhfuil tionscadal uaschúrsála curtha i gcrích agaibh nó ar bhain sibh athúsáid as ábhair tharrthálais le haghaidh tionscadail bhithéagsúlachta (m.sh. soitheach plandaí déanta as adhmaid uaschúrsáilte, comhartha déanta as ábhair uaschúrsáilte)?<br><br>Tá 5 mharc ar fáil freisin as gníomhaíochtaí aeráide a ardaíonn feasacht ar an athrú aeráide agus ar an méid is féidir le pobail a dhéanamh mar fhreagairt air, amhail táirgeadh agus tomhaltas bia áitiúil agus úsáid acmhainní áitiúla a chur chun cinn, cur amú bia a laghdú agus tionscnaimh curtha crann a eagrú. Cuirtear fáilte freisin roimh cheardlanna, cúrsaí agus feachtais arb aidhm leo feasacht a ardú ar an inbhuanaitheacht agus ar an ngníomhú ar son na haeráide. |
| |
| **Cumarsáid (5 mharc)** |
| Cén chaoi a ndéanann sibh cumarsáid le bhur bpobal (nuachtlitir, clár fógraí, nuachtáin áitiúla, cruinnithe poiblí, ríomhphost, na meáin shóisialta, grúpa WhatsApp, láithreán gréasáin, srl.)? An ndéanann sibh iarracht cumarsáid a dhéanamh le daoine de gach aois sa phobal? |
| |

| Catagóirí Roghnacha Speisialta |
|---|
| Tugann na gradaim seo aitheantas do phobail a thug faoi ghníomhaíochtaí a thacaíonn le cosc ar dhramhaíl, Scoileanna Glasa nó nuálaíocht. Comhlánaígí an chatagóir ghradaim thíos más mian libh go gcuirfí san áireamh sibh le haghaidh aon cheann de na gradaim roghnacha. |
| **Gradam Roghnach um Dhramhaíl a Chosc** **/10**<br><br>Ar thug sibh faoi thionscnamh chun dramhaíl a laghdú trí ábhair a uaschúrsáil nó a athúsáid i d'obair phobail nó trí ghníomhartha a dhéanamh chun acmhainní a shábháil trí ghiniúint dramhaíola a chosc. |
| |
| **Gradam Roghnach na Scoileanna Glasa** **/10**<br><br>An mbunaíonn sibh caidreamh le Scoileanna Glasa i do phobal le dul i gcomhar le daltaí agus leis an bhfoireann chun an comhshaol áitiúil a fheabhsú trí thionscnaimh inbhuanaitheachta nó bithéagsúlachta nó mar chuid de ghlantacháin phobail? |
| |
| **Gradam Roghnach na Nuálaíochta** **/10**<br><br>An mbaineann sibh úsáid as modhanna, tionscadail nó tionscnaimh nuálacha i bpobal do Cheantair Shlachtmhair ar mhaith libh aird a tharraingt orthu? |
| |